Grianghrafadóireacht

Gloine Dhaite

Potaireacht

Teicstílí

Teiripe Ealaíona

Oiliúint Éascaithe Ealaíona agus Cumasaithe
(AEFT)

Cúrsa Ullmhaithe Filteáin

Ceol-Scoil Chorcaí

Grúpaí Córúla – Cór Fleischmann

Uirlíse – Ensemble Gaoithe

Uirlíse – Mórphuion Ragcheoil

Uirlíse – Ceolfhoireann Shiansa

Litearthacht Cheoil Dhaoine Fásta

Cúrsaí do Mhúinteoirí

Teagasc Aonair

Ceadail agus Ceolchoirmeacha

Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

Teastas Máistir Luaimh (Amach ón gCósta) Cúrsa
bunaithe ar an gCósta

Teastas Máistir Luaimh (Áigéan)

Teastas Cúrsa bunaithe ar an gcósta
Cothabháil Cumhachta Leictrí do Luaimheanna

3.7 Údaráis Bhailíochtaithe

Ar an 11 Meitheamh bunaíodh Comhairle na nDámhachtainní Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) Tá an Chomhairle seo, in éineacht le Comhairle na nDámhachtainní Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) agus an tÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn (NQAI) mar chuid de Reachtaíocht raidiciúil agus ollchóiriú phraicticiúil a d'éascaigh as an Acht Cáilíochtaí 1999.

Ardteastas, Gnáthchéimeanna Baitsiléir agus Onóracha

Mar gheall ar chur i bhfeidhm an Chreatlaigh Náisiúnta Cáilíochta (NQAI) i nDeireadh Fómhair 2003, i gcomhair le HETAC, athraíodh na Teastais Náisiúnta a athbhailíochtaíodh mar Ardteastais ag Leibhéal 6 an Chreatlaigh gur athbhailíochtaíodh Diplóma Náisiúnta mar Ghnáthchéimeanna Baitsiléir ag Leibhéal 7 agus athbhailíochtaíodh Céimeanna mar Chéimeanna Onóracha ag Leibhéal 8.

Comhairle na nDámhachtainní Ardoideachais agus Oiliúna

Is é HETAC an comharba dlíthiúil ar Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais, ach tá difear suntasach lena gcuid cumhachtaí. Go príomha is foras cáiliúcháin agus cáilíochta é HETAC. Thit cuid mhór d'fheidhmeanna NCEA ar na hInstitiúid Teicneolaíochta, mar shampla, ceapadh scrúdaitheoirí seachtracha.

Is iad príomhfheidhmeanna HETAC ná:

- Caighdeán a leagan síos le haghaidh duaiseanna ardoideachais agus oiliúna
- Bailíochtú cláir ardoideachais agus oiliúna
- Monatóireacht ar ghnásanna institiúide bailíochtaithe cáilíochta
- Tarmligean cumachtaí cáiliúcháin ar insitiúid aitheanta
- Déanamh cinnte go mbíonn gnásanna measúnachta mac léinn cothrom agus leanúnach

Comhlachtaí Proifisiúnta

Cuireann cuid mhór comhlachtaí proifisiúnta san innealtóireacht, sa ghnó agus san eolaíochta a gcuid scrúdaithe féin ar fáil a n-eascaíonn ballraíocht phroifisiúnta astu agus bíonn caighdeán céime onóraí de ghnáth le caighdeán a gcuid scrúdaithe deiridh. Ar a bharr sin is féidir go mbeidh daoine a bhfuil Ardteastais,

Gnáthchéimeanna Baitsiléir agus Céimeanna Onóracha acu saor ó leibhéal chúí scrúdúcháin ó chomhlachtaí gaolmhara proifisiúnta.

Roinn an Oideachais agus Eolaíochta

Teastais Teicneolaíochta
Cuireann an Institiúid cúrsaí teastais teicneolaíochta ar fáil do mhic léinn mar chúrsaí oíche. Bailíochtaíonn Roinn an Oideachais agus Eolaíochta na teastais seo.

Cuirtear na cúrsaí seo ar fáil sna hábhair seo a leanas, Foirgníocht, Innealtóireacht Ghluaisteáin, Innealtóireacht Mheicniúil agus Innealtóireacht Leictirí.

Printísigh

Cuireann an Institiúid cúrsaí ar fáil ag Leibhéal Chéim 4 agus 6, agus is féidir Teastas Náisiúnta Ceardaíochta ón FETAC a fháil.

Cuirtear na cúrsaí seo ar fáil sna hábhair seo a leanas, Déantúscaíocht Mhiotail agus Táthú, Foirgníocht, Innealtóireacht Ghluaisteáin, Innealtóireacht Mheicniúil, Innealtóireacht Leictirí agus Cuisniú.

Comhairle na nDámhachtainní Ardoideachais agus Oiliúna

Cuireann an Institiúid cúrsaí páirtaimeasartha agus blocscaoilte ar fáil sa Turasóireacht, san Fnáilteachas agus sa Lónadóireacht. Deimhnítear na cúrsaí seo ag FETAC.

Institiúid City & Guilds Londan (C&G)

Deimhnítear cuid mhór de na cúrsaí a bhíonn ar fáil sna Ranna Foirgníochta agus Sibhialta, Meicneoireachta agus Déantúscaíochta, Leictirí agus Leictreonaice agus Innealtóireacht lompair agus Feithiclí, deimhnítear iad ag Institiúid City and Guilds Londan (C&G) toisc go bhfuil na cúrsaí curtha le chéile de réir chaighdeán C&G. Léiríonn na litreacha C&G na cúrsaí seo i ndiaidh theideal an chúrsa i Mír 3.4 & 3.5

3.7 Údaráis Bhailíochtaithe

An Foras Riaracháin (IPA)

San IPA déantar dianscrúdú agus bailíochtú ar an gcúrsa páirtaimseartha le haghaidh Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Gnó. (Bailíochtaítear an gcúrsa lánaimseartha ag HETAC).

Aitheantas Breise ar chúrsaí ITC

I dteannta bailíochtaithe na gcúrsaí ag HETAC, bhain an Institiúid aitheantas breise amach ó chomhlachtaí proifisiúnta nuair ab fhéidir é, chun seasamh proifisiúnta na mac léinn a mhéadú agus chun gach buntáiste a chur ar fáil dóibh chun fostaíocht a fháil agus chun a saol oibre a fhorbairt. Is iad seo a leanas na príomhathheantais a fuarthas:

Baitsiléir Eolaíochta(Onór.) i bhFisic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht

- Institiúid Fisice

Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Bhithleighis

- Institiúid Eolaíochtaí Bithmhíochaine
- Comhairle na nGairmeacha Forlíontach don Míochain

Baitsiléir Innealtóireachta (Onór.) san Innealtóireacht Leictreonaice

- Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI)
- FEANI
- Washington Accord

Baitsiléir Innealtóireachta (Onór.) san Innealtóireacht Struchtúr

- Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI)
- FEANI
- Washington Accord

Baitsiléir Innealtóireachta (Onór.) san Innealtóireacht Mheicniúil

- Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI)
- FEANI
- Washington Accord

Baitsiléir Innealtóireachta (Onór.) san Innealtóireacht Cheimiceach agus Próisis

- Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI)
- FEANI,
- Washington Accord
- Institiúid na nInnealtóirí Ceimiceacha (IchemE)

Ardteastais/Céimeanna Bhaitsiléara san Innealtóireacht Leictreonaice, san Innealtóireacht Seirbhísí Foirgníochta

- Institiúid Chairte Innealtóirí Seirbhísí

Foirgníochta

Ardteastais/Céimeanna Bhaitsiléara san Innealtóireacht Leictreonaice/Leictreonaice/Mheicniúil

- Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI)

Baitsiléir Ceoil (Onór.) (Sruth Suzuki)

- Cumann Eorpach Suzuki

Baitsiléir Staidéir Ghnó (Onór.)

- Institiúid Chairte Cuntasóirí Bainistíochta (ICCB)

Baitsiléir sa Staidéar Gnó sa Chuntasaíocht

- Institiúid na gCuntasóirí Deimhmithe Poiblí in Éirinn (ICDPÉ)

Ardteastas sa Staidéar Gnó

- Cumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe (CCCD)

Ardteastas sa Chuntasaíocht

- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCE)(ceadaítear díolúintí ó riachtanais áirithe na gComhlachtaí Proifisiúnta Cuntasaíochta).

Ardteastas sa Staidéar Gnó, Baitsiléir Gnó sa Mhargáíocht, Baitsiléir Gnó (Onór.)

- Díolúintí ón Institiúid Mhargáíochta

Baitsiléir Eolaíochta in Eacnamaíochtaí Foirgníochta

- Cumann na Suirbhéirí Cairte
- Institiúid Chairte Foirgníochta

Baitsiléir Eolaíochta i mBainistíocht Foirgníochta

- Institiúid Chairte Foirgníochta

Céim Bhaitsiléara i gCumarsáid Deartha

- Institiúid na nDearthóirí Éireann

Céim Bhaitsiléara (Onór.) sa Chumarsáid Amhairc

- Institiúid na nDearthóirí Éireann

Creidiúnú Céimeanna Innealtóireachta ITC

- Baitsiléir na hInnealtóireachta (Onór.) san Innealtóireacht Cheimiceach agus Próisis
- Baitsiléir na hInnealtóireachta (Onór.) san Innealtóireacht Struchtúr
- Baitsiléir na hInnealtóireachta (Onór.) san Innealtóireacht Leictreonaice
- Baitsiléir na hInnealtóireachta (Onór.) san Innealtóireacht Mheicniúil

3.7 Údaráis Bhailíochtaithe

Tá creidiúnú iomlán faighte ag na céimeanna seo ag Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI) agus is féidir le céimithe bheith mar bhaill chorparáideacha le stádás Innealtóra Cairte (CEng) nuair a bhíonn go leor taithí acu.

Aitheantas Idirnáisiúnta

Innealtóir Eorpach: Comhlíontar leis na céimeanna seo riachtanais chláraithe Ghrúpa a hAon Fédération Européene d'Associations Nationales d'Ingenieurs (FEANI), agus mar sin comhlíontar na riachtanais acadúla le haghaidh bronnadh an teidil Innealtóir Eorpach (Eurlng) Is féidir le hinnealtóirí den chineál sin feidhmiú sa chuid is mó de thíortha na hEorpa.

Washington Accord: As siocair go bhfuil na céimeanna seo creidiúnaithe ag an IEI (comhlacht creidiúnaithe na hÉireann) comhlíonann siad na riachtanais atá de dhíth ar ghrúpaí náisiúnta creidiúnaithe a shínigh an Washington Accord i.r SAM, an Ríocht Aontaithe, Ceanada, An Astráil, An Nua-Shéalainn, An Afraic Theas, Hong Cong agus Éire.

3.8 Scrúdaitheoirí Seachtracha

CÚRSAÍ SNA DAONNACHTAÍ

Baitsiléir na hEalaíona (Onór.)

Mínealaín

Helen Baker-Alder
George Blacklock
Roisin Kennedy
Colm O Briain

Dearadh Ceirmeach

Maryanne Bolger
Peter Ting

Ilmheán

Godfrey Lee
Ely Philips

Cumarsáid Amhairc

Maryanne Bolger
John Greene
Steven Hunt
Deirdre Idema

Cúram Sóisialta

Mary Doyle
Gay Graham
Perry Share

Baitsiléir Ceoil

Ita Beausang

Baitsiléir Ceoil (Onór.)

Padhraic Ó Cuinneagáin

Ardteastas sna hEalaíona

Oideachas agus Forbairt an Phobail

Joanna McMinn

Scileanna Comhairliúcháin

Ger Murphy
Mary Ryan

Staidéir Shóisialta sa Chomhairliúcháin

Ger Murphy

Cúram Sóisialta

Mary Doyle
Gay Graham
Angela Veale
Perry Share

Ardteastas sa Staidéar Gnó

Staidéar Gnó

Peter Melinn
Nicola Timoney

Cuntasóireacht

Peter Melinn
Noel O'Brien
Fidelma White

Ardteastas sa Ghnó (ACCS)

Declan Fleming

Maoirseoireacht Óstán agus Lónadóireachta

John A Bonar
Majella O'Donoghue

Córais Eolais Oifige

Kay Fitzgerald

Córais Eolais Oifige (ACCS)

Declan Fleming

Áineas agus Só

Niall Moyna
Patrick Stanton

Turasóireacht

Dominic Dillane
Karen Gardiner

Baitsiléir na hEalaíona

Dearadh Ceirmeach

Maryanne Bolger
Peter Meanley

Oideachas agus Forbairt an Phobail

Joanna McMinn

Comhairliúchán agus Sícteiripe

Mary Ryan

Cumarsáid Deartha

Brendon Deacy
Chris Linford

Mínealaín

Brian Connolly
Roisin Kennedy
Nigel Rolf
Joe Wilson

3.8 Scrúdaitheoirí Seachtracha

Bainistíocht Acmhainní Daonna

John Doran
Barry Hill
Michael Morley
Joseph O'Mahony

Cúram Sóisialta

Perry Share
Angela Veale

Cúram Sóisialta (Cúrsa Luimnigh)

Mary Doyle

Staidéir Shóisialta sa Chomhairliúcháin

Ger Murphy

Bainistíocht Iompair agus Teicneolaíocht

John Monaghan

Ard-diplóma do Mhúinteoirí Ealaíon agus Deartha

Keith Walker

Teastas Bliana i mBreis-Staidéar Sóisialta

Scileanna Comhairliúcháin

Ger Murphy
Mary Ryan

Diplóma Náisiúnta HETAC Miontráchtas na hEalaíona Cócaireachta

Majella O'Donoghue

CÚRSAÍ EOLAÍOCHTA AGUS RÍOMHAIREACHTA

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.)

Ardteicneolaíocht Déantúsaíochta

Patrick Hannon
Gerry Woods

Ceimic Anailíseach le Dearbhú Cáilíochta

Bridget O'Regan
Kevin O'Sullivan

Eolaíochta Bitheacha Feidhmeacha

Tom Beresford
R.J. Fitzgerald

Fisic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht

Brian McCraith

Ríomhaireacht

Patrick O'Connor

Feidhmeanna Ríomhaire

Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

Córais Ionstraimí Ríomhairithe

Eamonn Burke
Patrick Moriarty

Córais Chumhachta Leictreacha

Michael Ahern
Kevin O'Connell

Teicneolaíocht Mhonarcha Próiseála

Patrick Hannon
John E Hegarty
Gerry Woods

Forbairt Bhogearraí agus Líonrú Ríomhairí

Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

Teicneolaíocht

Desmond Chambers
Kevin Connell
Neil J Hewitt
David Orr
Robert Simpson

Ardteastas san Eolaíocht

Tamhlaíocht

James O'Boyle
Paul Whyte

Bitheolaíocht Fheidhmeach

Tom Beresford
R.J. Fitzgerald

Ceimic Fheidhmeach

Bridget O'Regan
Joseph Power

Fisic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht

Brian McCraith
Norman McMillan

Ríomhaireacht

Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

3.8 Scrúdaitheoirí Seachtracha

Foirgníocht

Brian O'Driscoll
Timothy Enright

Dea-Dhéantúsaíocht, Dea-Chleachtas agus

Teicneolaíocht

Noel Mulligan
Peter Power

Tomhas Tionsclaíocht agus Smacht

Eamonn Burke
Patrick Moriarty

Teicneolaíocht Ailtireachta Inmheánaí

Kevin Savage
Caitriona Shaffrey

Teastas san Eolaíocht Bhithleighis

Kevin Cooper
Seamus Fanning
Aidan Kelleher
Philip Kennedy
Eithne Murphy
Don O'Connor
Jack Ryan
Noel Shanaghy

Baitsiléir Eolaíochta (Ord)

Tamhlaíocht

Paul Whyte
James O'Boyle

Fisic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht

Norman McMillan
Brian McCraith

Teicneolaíocht Ailtireachta

Caitriona Shaffrey

Bitheolaíocht Bia-eolaíocht agus Teicneolaíocht

Tom Beresford

Bitheolaíocht Mhóilíneach agus Cille

Tom Beresford
R.J. Fitzgerald

Teicneolaíocht Cheimiceach

Bridget O'Regan
Joseph Power

Ríomhaireacht

Desmond Chambers
Kate O'Dubhchair
Ted Parslow

Eacnamaíocht Foirgníochta

Timothy Enright

Bainistíocht Foirgníochta

Brian O'Driscoll
Andrew M Simpson

Eolaíocht Loingseoireachta

Donal Linehan
Pat Farnan

Máistir Eolaíochta

Ríomhaireacht agus Oideachas

Hugh Gibbons

Forbairt Bogearraí

Martin Collier
Anthony Moynihan
Michéal Ó hÉigearthaigh

CÚRSAÍ INNEALTÓIREACHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

Baitsiléir Innealtóireachta (Onór.)

Innealtóireacht Cheimiceach agus Próisís

Diarmuid O'Connor
Raffaella Ocone

Innealtóireacht Leictreonaice

Cyril Burkley
John G Ryan

Innealtóireacht Struchtúr

Tim Corcoran
Padraic E O'Donoghue

Ardteastas san Innealtóireacht

Teicneolaíocht Ghluaisteán

John Monaghan

Innealtóireacht Bhithleighis

Peter McHugh
David Tallon

Innealtóireacht Seirbhísí Foirgníochta

Neil J Hewitt
Tony Dunne

Innealtóireacht Shibhialta

Peter L Anthony
Anthony Moloney
John Murphy

3.8 Scrúdaitheoirí Seachtracha

Innealtóireacht Leictrí

Michael Ahern
Kevin O'Connell

Innealtóireacht Leictreonaice

Jason Berry
Ronan O'Dubhghail

Teicneolaíocht Chothabhála

John Connolly
Robert Simpson

Innealtóireacht Mheicniúil

John Connolly
Robert Simpson

Baitsiléir Innealtóireachta (Ord)

Innealtóireacht Bhithleighis

Peter McHugh
David Tallon

Innealtóireacht Seirbhísí Foirgníochta

Neil J Hewitt
Tony Dunne

Innealtóireacht Shibhialta

Peter L Anthony
Anthony Moloney
John Murphy

Innealtóireacht Leictrí

Michael Ahern
Kevin O'Connell

Innealtóireacht Leictreonaice

Jason Berry
Ronan O'Dubhghail

Innealtóireacht Déantúsaíochta

John Connolly
Robert Simpson

Innealtóireacht Loingseoireachta agus Planda

Neil Gillespie
Ian Wallace

Innealtóireacht Mheicniúil

John Connolly
John Monaghan
Robert Simpson

CÚRSAÍ STAIDÉIR GHNÓ

Baitsiléir Staidéir Ghnó (Onór.)

Staidéar Gnó

Declan Fleming
Peter Melinn
Nicola Timoney

Córais Eolais

Declan Forde
Philip O'Regan

Baitsiléir Staidéir Ghnó (Ord)

Cuntasóireacht

Peter Melinn
Noel O'Brien
Fidelma White

Bainistíocht Chéad Líne

Brendan McCarra

Bainistíocht Óstán agus Lónadóireachta

Majella O'Donoghue
John A Bonar

Bainistíocht (ACCS)

Tadgh Barrett
Jim Walsh

Margaíocht

Noel O'Brien
Roger Sherlock
Nicola Timoney

Teastas Institiúide i gCleachtas Pearsanra

Cass Fitzpatrick
Don Hegarty

SCRÚDAITHEOIRÍ SEACHTRACHA ÁBHAR

Fraincis

Grace Neville

Gearmáinis

Gert Hofmann

Iodáilis

Sylvia Ross

Matamaitic

Kieran Murphy

3.9 Staitisticí Mac Léinn

Clárú le hInscne agus Modh Freastail

	<u>Fir</u>	<u>Mná</u>	<u>Iomlán</u>
LÁNAIMSEARHTHA			
Neamhaipí	3,516	2,221	5,737
Aipí	280	211	491
Míchumas			
Fáilte Ireland	56	135	191
IOMLÁN	3,852	2,567	6,419
PÁIRTAIMSEARHTHA			
Ranganna Oíche	3,555	4,460	8,015
Fáilte Ireland	106	110	216
Printísigh Cheardaíochta	2,343	10	2,353
IOMLÁN	6,004	4,580	10,584
FORIOMLÁN	9,856	7,147	17,003

* Tá an líon míchumasaithe san áireamh leis na Foriomláin Lánaimseartha

Líon Mac Léinn- Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

	<u>IARBHÍR</u>	<u>WTE*</u>
Ardteastas WT & Céim (Leibhéil 6, 7 & 8)	6,228	6,228
Printíseach Fáilte Ireland	407	240
Printíseach eile	2,353	773
Páirtaimseartha agus Oíche	8,015	1,321
	17,003	8,562

Líon Mac Léinn – Campas Bhaile an Easpaig

	<u>IARBHÍR</u>	<u>WTE*</u>
Ardteastas WT & Céim (Leibhéil 6, 7 & 8)	5,608	5,608
Printíseach Fáilte Ireland	407	240
Printíseach eile	2,353	773
Páirtaimseartha agus Oíche	3,786	1,026
	12,154	7,647

Líon Mac Léinn – Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford

	<u>IARBHÍR</u>	<u>WTE*</u>
Ardteastas WT & Céim (Leibhéil 6, 7 & 8)	293	293
Páirtaimseartha agus Oíche	315	36
	608	329

Líon Mac Léinn- Ceol-Scoil Chorcaí

	<u>IARBHÍR</u>	<u>WTE*</u>
Ardteastas WT & Céim (Leibhéil 6, 7 & 8)	119	119
Páirtaimseartha agus Oíche	3,585	180
	3,704	299

Líon na Mac Léinn Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

	<u>IARBHÍR</u>	<u>WTE*</u>
Ardteastas WT & Céim (Leibhéil 6, 7 & 8)	208	208
Páirtaimseartha agus Oíche	329	79
	537	287

Anailís ar Teastas Lánaimseartha, Diplóma, Céim agus Iarchéim le hAraíonacht

	<u>Ard -teas (L6)</u>	<u>Gnáth Chéim (L7)</u>	<u>Ard Chéim (L8)</u>	<u>Iar Chéim (L9 & 10)</u>	<u>Iomlán</u>
Eolaíocht	514	276	455	55	1,300
Innealtóireacht	977	584	658	51	2,270
Gnó/Daonna-chtaí	1,020	550	438	5	2,013
Ealaín agus Dearadh	0	305	77	37	419
Ceol	12	0	181	33	226
Iomlán	2,523	1,715	1,809	181	6,228

3.10 Duaiseanna Mac Léinn

Ba é **Gerry O'Rourke**, mac léinn Bainistíocht Foirgníochta sa bhliain dheireanach, buaiteoir na Duaise Lord Pilkington, dáfa ag an Institiúid Chairte Foirgníochta. Aitheantas a bhí ann ar an gcéad áit a bhaint amach i mBainistíocht Foirgníochta ag leibhéal deiridh proifisiúnta ar fud an domhain.

Comhghairdeas le **Anne-Marie Fitzgerald**, mac léinn dara bliain sa Chócaireacht Phroifisiúnta, a bhain Comórtas Knorr Cócaire Óg na Bliana 2005.

Bhain **Jamie Meehan, Steven Roynane, Marcas O'Sullivan, Regina McCarthy** agus **Emma Ferriter** an chéad duais sa Duais ITC do Nuálaíocht, san Ionad Taispeántais i bhFeabhra 2005. Bhain siad mar gheall ar a dtionscadal PODUSA, feiste leighis a úsáidtear le feadán gastratóime a aimsiú i ngastratóime Ionscópach Thréchraicneach (PEG).

Bhain mac léinn ITC **John Geary** Comórtas Invent Hewlett Packard Dé hAoine 25 Feabhra 2005, mar gheall ar a thionscadal na bliana deireanaí 2004 dar teideal "Titanium Forming Analysis and Testing of a Vena Cava Blood Clot Filter Hook" déanta i gcomhar le Boston Scientific, Corcaigh.

Bhain **Colm McLaughlin** Innealtóir Nuálaíoch na Bliana ICT 2005 Déardaoin 25 Aibreán. Bhí "Infrared based Engagement System for Wargaming & Military Training" mar theideal den tionscadal aige.

Scoláireachtaí Taighde Mac Léinn

Bronnadh scoláireachtaí ar thriúr ón rang grádaithe 2004 san Innealtóireacht Cheimiceach agus Próisis, le taighde a dhéanamh i dtionscal, faoi stiúir an Uas. Noel Duffy, Léachtóir, Roinn na Ceimice agus Innealtóireacht Próisis agus an Ionad Teicneolaíochta Glaine. Chuir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) airgead ar fáil faoin gcuid Chlár Tairgeachta Níos Glaine Níos Glaise de Phlean Forbartha Náisiúnta um Thaighde Comhshaoil, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíocht (TCFTI).

Comórtais Scileanna Domhain 2005

Chríochnaigh Éire sa séú háit ag 38ú Comórtas Scileanna an Domhain a bhí in Helsinki ó 19 Bealtaine go 2 Meitheamh 2005.

Bhain triúr mac léinn ó ITC na duaiseanna seo a leanas:

Bronnadh Bonn Cré-umha do Shuiteáil Leictreach ar **Michael Kinsella**

Bronnadh Bonn Sármhaitheasa do Tháthúchán ar **Matthew Breaton**

Bronnadh Bonn Sármhaitheasa do Smacht Tionsclaíoch ar **Sean Stack**

Bhí babhtaí ceannais i gComórtas Innealtóra Nuálaíoch 2005, le hInstitiúid Innealtóirí na hÉireann Siemens, ag Cartlann Ailtíreachta na hÉireann, Baile Átha Cliath ar 21 Meitheamh 2005.

Bhí **Colm McLaughlin**, mac léinn ITC, Baitsiléir na hInnealtóireachta (Onór.) in Innealtóireacht Mheicniúil sa chéad áit agus mar bhuaiteoir glan amach.



Taighde & Forbairt

4

- 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha
- 4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha
- 4.3 Forbairt Champais
- 4.4 Bainsitíocht Sábháilteachta agus Áiseanna

4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

Gníomhaíocht Taighde agus Forbartha

Bhí an 4ú Fóram Iarchéime ann i Mí na Bealtaine. Rinne daichead a cúig mac léinn iarchéime cur i láthair ag an bhfóram. Thug an Dr Maurice Tracey, ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an seisiún iomlán.

Bhí Fóram Taighde i mí na Bealtaine don fhoireann, inar léiríodh éagsúlacht na taighde atá á dtabhairt faoi san Institiúid.

Bhí seisiún eolais don fhoireann a raibh suim acu fáil ar chistí taighde. Thug an seisiún seo deis don fhoireann na roghanna cistithe a fhiosrú chomh maith leis na cineálacha tionscadal a d'fhéadfadh cistiú a tharraingt.

Deontais Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta

Bronnadh maoiniú Shraith 1 ar sheachtar taighdeoirí ó ITC faoin gClár Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta. €238,000 an méid iomlán a ceadaíodh.

Fiontraíocht Éireann

Bhí cistí dáfa ag Fiontraíocht Éireann faoin scéim Phairtíocht Nuálaíochta do dhá chomhionscadal taighde agus forbartha le tionscal sna réimsí Bitheolaíochta agus Innealtóireachta Leictreonaice. Bronnadh €230,000 ar thionscadal a bhain le Ceimic, faoin scéim Dheontas Bhunúsach Taighde Fhiontraíocht Éireann.

Embark

Bronnadh scoláireachtaí ar thriúr taighdeoirí faoin dtionscnamh Embark, 2 Ánracht PhD agus 1 scoláireacht iarchéime. €209,000 an méid iomlán a ceadaíodh.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)

Fuarthas cistí ó FEÉ faoi na cláracha STAR agus EUREKA. Tugann na cláracha seo cistí do mhúinteoirí eolaíochta meánscoileanna agus d'fhochéimí le hoibriú i dtimpeallacht taighde cistithe ag FEÉ fad an tsamhraidh.

Fuair ITC cistí do 2 thionscadal faoin gClár Teoireannacha Taighde FEÉ, circa €240,000 a luach a bhí orthu.

Gníomhaíocht Tráchtála

Bhain ITC tairiscint le "Clár an Túis Fiontraíochta" a chur ar bun a bhí maoinithe ag Fiontraíocht Éireann agus FÁS. Dearadh an clár le dul i ngleic le bearna oiliúna i soláthar oiliúna do na daoine atá go formhór i bhfostaíocht agus atá ag iarraidh tús a chur le fiontar nua.

Láinseáil Frank Ryan, POF Fiontraíocht Éireann, feachtas earcaíochta go hoifigiúil don Chlár Fiontraíochta Genesis (CFG). Ghlac ocht bhfiontraí déag páirt sa chlár CFG 2004-2005. Bhí oíche bronnta na nduaiseanna ag deireadh na bliana i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann agus ba é an tUas. Michéal Martin, T.D. Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a bhí i mbun na hócáide agus rinne pobal gnó an réigiúin freastal maith air.

Léirigh suirbhé ar iar-rannpháirtithe an chláir CFG gur bhunaigh na fiontraithe a ghlac páirt sna cúig bliana tosaigh 58 gnó nua, ag tabhairt fostaíochta do 315 duine go lánaimseartha le láimhdeachas bliantúil measta de €17.3 milliún (meastachán 2003) agus d'éirigh leo caipiteal infheistíochta de níos mó ná €41.4 milliún a chruinniú.

Gníomhaíochta Nuálaíochta Mac Léinn

- Athainmníodh Duais ITC do Chruthaitheacht mar Dhuais ITC do Nuálaíocht i mí na Feabhra. Cuireadh iarratais isteach ar an gcomórtas ó dhisciplíní uile na hinstiúide agus bronnadh €6,000 ar na tionscnaimh a bhain. Fuarthas maoiniú le haghaidh an chláir seo ó Bhord Fiontraíochta Dheisceart Chorcaí. Fuarthas urraíocht freisin ó Bhord Fiontraíochta Dheisceart Chorcaí do bhuantrófaí, a bhí bronnta ar an roinn bhuaiteach.
- Cuireadh na tionscadail rathúla ó Dhuais do Nuálaíocht ITC isteach sa chomórtas Náisiúnta mac léinn, a bhí in ITC de thairbhe an rath a bhí aige i gcomórtas na bliana roimhe sin. Cuireadh tionscadal ITC ar ghearrliosta go ceann de na cúig dheireanacha sa tír.

4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha

Clár Malartáin Socrates/Erasmus

I rith 2004-2005 leanadh den fhorbairt ar na gníomhaireachtaí faoin gClár Socrates/Erasmus. Fuair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí an Chairt Ollscoile Socrates/Erasmus do 2003-2007, a éascaíonn an Institiúid iarratas a chur isteach do chistiú soghluaisteachta le malartán mac léinn agus foirne a mhaoiniú.

Ghlac, san iomlán, 23 mac léinn a bhí ag imeacht agus 120 a bhí ag teacht isteach páirt sa chlár. Cuireadh maoiniú ar fáil faoi choinne aon chuairt déag foirne faoin gclár.

Bhí baint ag na ranna seo a leanas sa chlár malartáin i rith 2004-2005:

- Físic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht,
- Eolaíochtaí Bitheolaíochta,
- Innealtóireacht Shibhialta agus Foirgníochta,
- Staidéar Gnó,
- Innealtóireacht Cheimiceach agus Próisis,
- Ceimic,
- Innealtóireacht Leictreonaice,
- Ríomhaireacht,
- Innealtóireacht Mheicniúil,
- Staidéar Sóisialta,
- Ealaín & Dearadh,
- Staidéar Loingseoireachta,
- Ceol, agus
- Cumarsáid na Meán

Tharla malartáin le comhinstiúid sna tíortha seo a leanas: An Fhrainc, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an tSualainn, an Ísiltír, an Spáinn, an Bheilg, an Pholainn, RA agus Poblacht na Seice.

Meastar go leanfar den fhás agus den fhorbairt leis na páirtíochtaí seo as seo amach

Clár Leonardo da Vinci

Fuair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí cistiú ó Ghníomhaireacht Náisiúnta Leonardo faoi choinne seacht socrúchán mac léinn le tarlú san Earrach 2005. Thaistil an tseachtar mac léinn ó ranna Innealtóireachta Leictreonaí, Ríomhaireachta agus Ceimice, chun na hÍsiltíre, chun na Spáinne, chun na Gearmáine, agus go dtí an RA lena socrúcháin oiliúna a chaitheamh.

Scoláireacht Síochána George J Mitchell

Leanadh de pháirtíocht ITC sa chlár seo malartáin scoláireachta, clár a bunaíodh i gcuimhne ar shíniú Chomhaontú Aoine an Chnéasta. Tháinig beirt mhac léinn as Maine faoi choinne seimeastair amháin agus chuaigh beirt mhac léinn ó ITC le staidéar a dhéanamh i gCeadcholáiste Maine Theas.

4.3 Forbairt Champais

Foirgneamh Turasóireachta agus Lónadóireachta

Rinneadh forbairt mhaith ar thógáil an fhoirgnimh nua, cé gur tháinig fadhbanna chun solais maidir le feistiú na cistine, ina measc nach raibh an duine is lú tairiscint in ann an clár riachtanach a chur i bhfeidhm.

Carrchlós

Cuireadh an carrchlós sraithe nua siar ón bpáirc uile-aimseartha i bhfeidhm agus tharraing barúlacha dearfacha ó na húsáideoirí go léir.

Ionad na Mac Léinn

Lean forbairt ar thógáil Ionad na Mac Léinn ag ráta nach raibh sásúil. D'éisigh an tAiltire Teastas do Chríochnú Praiticiúil (le clúdach Ionad na Mac Léinn agus an tIonad Riaracháin) le heisiatachtaí, ar 22 Meitheamh 2005. Bhain na coinníollacha le deisiú na bhfadhbanna, feabhsú ar chríochnú brící, deiceáil adhmaid, insliú dín agus ballasta, idirphlé alaraim, agus oibriúcháin shuímh.

An tIonad Riaracháin

Chuaigh forbairt ar chríochnú an Ionaid Riaracháin ar aghaidh go mall, siúinéireacht i measc na bhfadhbanna móra. D'éisigh an tAiltire Teastas do Chríochnú Praiticiúil (le clúdach an tIonad Riaracháin agus Ionad na Mac Léinn) le heisiatachtaí, ar 22 Meitheamh 2005. Bhain na coinníollacha le deisiú na bhfadhbanna, feabhsú ar chríochnú brící, deiceáil adhmaid, insliú dín agus ballasta, idirphlé alaraim, agus oibriúcháin shuímh.

Rinneadh ullmhúcháin maidir le heagrúchán aistriú na bhfeidhmeanna go dtí an tIonad Riaracháin. Tá dhá ghrúpa bunaithe ag an Stiúrthóir, le ballraíocht fhorluiteacht, ceann faoin bpróiseas comhpháirtíocht le comhairle a thabhairt ar cheisteanna aistrithe, agus an dara grúpa leis an aistriú a shocrú agus a bhainistiú.

Moltaí Grúpa Athbhreithnithe Uí Cheallaigh

D'fhoilsigh an tÚdarás Ardoideachais tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Uí Cheallaigh, dar teideal, REVIEW AND PRIORITISATION

OF CAPITAL PROJECTS IN THE HIGHER EDUCATION SECTOR i Meán Fómhair 2004.

Na tionscadail a bhí molta ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí le haghaidh forbartha, roghnaíodh do mhaoiniú Stáitchiste iad mar seo a leanas:

Tionscadail Chéim 1 (2004-2008)

Tógáil Scileanna Printíseach: Tosaíocht Náisiúnta 1

(Cistiú molta: €22,111,547)

Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford Tosaíocht

Náisiúnta 1 (Cistiú molta: €5,300,000)

Síneadh Leabharlainne: Tosaíocht Straitéiseach 1

(Cistiú molta: €22,601,422)

Spórt agus Ionad Áineasa: Tosaíocht Straitéiseach 3

(Cistiú molta: €5,827,462)

Tionscadail Chéim 2 (2004-2008)

Fiontar Gnó & Ionad Nuálaíochta: Tosaíocht

Straitéiseach 1 (Cistiú molta: €14,000,000)

Foirgneamh Teicneolaíochtaí Meáin Nua: Tosaíocht

Straitéiseach 1 (Cistiú molta: €17,100,000)

Ionad Nuálaíochta

Fuarthas cead pleanála agus síníodh Conradh ar 8 Nollaig 2004 leis an bhfoirgneamh a thógáil. Bhí an foirgneamh críochnaithe go substaintiúil faoi dheireadh mhí Lúnasa 2005.

Oibriúcháin Fhorbartha na nÁiseanna Spóirt

Críochnaíodh cúirt leadóige uile-aimseartha siar ó na páirceanna uile-aimseartha. Cuireadh tuilsoilsiú ar na páirceanna cluichí gaelacha soir ón gCorraichín. Bhí an pháirc rugbaí/sacair chongarach tuilsoisithe freisin ionas go mbeadh sí oiriúnach le haghaidh traenála oíche. Tá úsáid anois á baint as an dá pháirc ag taobh ó dheas na bpáirceanna trasabhainn.

Tar éis don Institiúid píobáin a chur isteach, chuir BSE cáblaí isteach faoin dtalamh, rud a éascaíonn baint na línte lastuasa cumhachta. Ina dhiaidh seo tosaíodh ar obair ar na trí pháirceanna ó thuaidh a chríochnú, chomh maith leis an dá pháirc ó dheas a bhí tógtha cheana féin.

Tógadh páirc chairpéid ghainimh eile ar an talamh siar ón gCorraichín.

4.3 Forbairt Champais

Naíolann

Chuaigh forbairt ar dheardh naíolainne ar aghaidh, le seirbhís a chur ar fáil faoi choinne riachtanais mac léinn agus foirne, agus iarradh cead pleanála ar an gComhairle Cathrach. Fuarthas cead pleanála agus Deimhniú Sabháilteachta ó Dhóiteán. Bhí suíomh dailte don bhfoirgneamh, 455m² san iomlán, i gcoirnéal thoir theas Champas Bhaile an Easpaig.

Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford

Rinne ailtireachtaí mháistirphleananna na hInstitiúide réamhstaidéar féidearthachta ar phoitéinseal na dtailte in aice le CEDC le húsáid mar shíneadh CEDC.

Díolachán Talún le ESB le haghaidh Fo-Staísiúin.

Síníodh na cáipéisí conraidh faoi choinne dhíolachán shíneadh an fhostáisiúin.

Roinn Staidéar Loingseoireachta

Athdháileadh achair a bhí scartha ón Roinn Staidéar Loingseoireachta ar bhonn eatraimh i ndiaidh moltaí ón nGrúpa Riaradh Spáis a bhí bunaithe ag an Stiúrthóir. Bhí na hoifigigh a bhí ann cheana féin áitithe go gasta, cruthaíodh roinnt spásanna nua oifige, agus bhí seomraí ranga agus saotharlanna tábhachtacha athdháilte ar bhonn úsáid leanúnach mar achair theagaisc.

Athbhreithniú Máistirphlean Champas Bhaile an Easpaig

Lean ailtireachtaí máistirphleananna ar aghaidh le hobair ar Máistirphlean Champas Bhaile an Easpaig, an poitéinseal imbhuailte d'aistriú ar bith an CEDC go Campas Bhaile an Easpaig san áireamh, maidir le suíomh, go háirithe i gcomhthéacs éascú idirdhisciplíneachais agus láithreach áirithe ar an gcampas.

Bóthar Rochtana go Seachród Bhaile an Chollaig

D'iarr forbróir tacaíocht na hInstitiúide maidir le tailte a fhorbairt siar ón Institiúid ar bhonn bóthair

rochtana go Seachród Bhaile an Collaig a thabhairt go himeall réadmhaoin na hInstitiúide, ar chostas an fhorbróra. Is cuspóir fadtéarma na hInstitiúide é bóthar rochtana a sholáthar go Seachród Bhaile an Chollaig, agus tá polasaí an ag Institiúid tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ar bith a d'éascódh rochtain den gcineál sin, a fhad is nach mbeadh an fhorbairt sin ina fhadhb don Institiúid.

Tailte Ceannaithe ó Chomhairle Cathrach Chorcaí

Bhí píosa beag talún ar imeall thiar theas na hInstitiúide, in aice leis cúrsa poiblí Pitch & Putt, faighte ó Chomhairle Cathrach Chorcaí do shuim ainmniúil. Bhí líonadh substaintiúil de dhíth le leibhéal na háite a thabhairt chuig neasleibhéal an champais uachtaraigh.

Aghaidh Nua agus Limistéar Tuirlingthe Bus – Cead Pleanála

D'iarr Roinn Pleanála Chathair Chorcaí tuilleadh eolais maidir le hiarratas pleanála na hInstitiúide aghaidh (thiar) Champas Bhaile an Easpaig a fheabhsú. San fhorbairt a bhí molta, bhí aghaidh nua, socraithe tráchtá inmheánaigh athraithe, athoscailt geata "slí isteach earraithe" (ag taobh ó dheas d'Ascaill Rossa) agus achar nua tuirlingthe bus. Thug Cumann Cónaitheoirí áitiúil a mbarúlacha. Bhí roinnt cruinnithe ag Oifig Fhoirneamh agus Eastát na hInstitiúide leis an gCumann Cónaitheoirí, agus thug láneolas sular chuir siad an t-iarratas pleanála isteach.

Cuairt Oifigeach ó Aonad Foirgníochta Tríú Leibhéal na Roinne

Thug foireann teicniúil agus riaracháin an Aonaid cuairt ar an Institiúid Dé Céadaoin, 19 Eanáir 2005. Bhí an cruinniú dírithe go príomha ar cheisteanna a bhain le moilleanna i dtógáil an Ionaid Riaracháin agus Ionaid na Mac Léinn.

Ar 14 Meitheamh 2005, thug oifigigh ón Aonad, foireann airgeadais agus teicniúil san áireamh, cuairt arís ar Champas Bhaile an Easpaig agus bhuaile leis an Stiúrthóir, le foireann eile agus leis an bhFoireann Dearaidh, agus thug cuairt ar suíomh tógála Turasóireachta agus Fáilteachais.

4.4 Bainsitíocht Sábháilteachta agus Áiseanna

Sláinte & Sábháilteacht

Thosaigh Oifigeach na bhFoirgneamh, le freagracht áirithe i leith na Sláinte agus Sábháilteachta, ina phost. Sainaithníodh clár cuimsitheach oiliúna in eochar-réimsí a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht, mar Gharchabhair (m.sh. CPR) agus Láimhsiú Sábháilte, mar chuid straitéiseach de phlean S&S. Cuireadh Ráiteas Sláintíochta agus Slándála do Champas Bhaile an Easpaig ar fáil ar Shuíomh Idirlín na hInstitiúide.



Pearsanra

5

- 5.1 Tuarascáil Phearsanra
- 5.2 Líon Foirne
- 5.3 Éachtaí Foirne

5.1 Tuarascáil Phearsanra

Líon Foirne

Le linn 2004/05 bhí méadú ar fhoireann na hInstitiúide ó 1446 go 1468.5 arb ionann agus 959.50 lánaimseartha. Bhí 76% acu seo fostaithe mar Fhoireann Acadúil agus a bhí ar an gcatagóir ba mhó fostaithe (68% den WTE).

Tá eolas breise faoi líon na foirne ar fáil sa chéad mhír eile den tuarascáil.

Scoir

Le linn na bliana d'éirigh 13 ón bhfoireann ó sheirbhís:

Batt O'Keeffe, Léachtóir, Roinn Staidéar Sóisialta agus Ginearálta
Liam Connolly, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil
Thomas Barry, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice
George Black, Léachtóir, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
John Calnan, Léachtóir, Roinn na Matamataice
Patrick J O'Sullivan, Léachtóir, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
Mairin Prendergast, Léachtóir, Ceol-Scoil Chorcaí
William S Scully, Léachtóir, Roinn na Foirgníochta agus Ailtireachta
Michael N Walsh, Léachtóir, Roinn na Bainistíochta agus Margaíochta
Daniel A Fitzpatrick, Ceannaire Scoile, Innealtóireacht Mheicniúil agus Phróisis
Terry McGee, Airíoch, Coláiste Ealaíona agus Dearaidh Crawford
Martin Jolley, Léachtóir, Innealtóireacht Iompair agus Ghluaisteán
Bernard Houlihan, Léachtóir, Innealtóireacht Iompair agus Ghluaisteán

D'éirigh an tUas. Paddy Oldham, Airíoch Sinsearach, as a phost freisin i 2005. Tháinig Paddy chuig ITC mar Airíoch Cúnta i 1974. Bhí ócáid ann lena scor a shonrú agus le buíochas a chur in iúl dó do na blianta a chaith sé ag obair go dian, dá dhílseacht agus dá chúnamh in ITC leis an bhfoireann agus na mic léinn.




Paddy Oldham i lár an aonaigh lena chomhghleacaithe ón obair

5.2 Líon Foirne

Líon Iomlán Foirne*


	<u>Fir</u>	<u>Mná</u>	<u>Iomlán</u>
Buan	447.50	214.00	661.50
Sealadach WTE	141.35	156.65	298.00
	588.85	370.65	959.50

* Tá briseadh eile síos thíos.



Foireann le Catagóir


	<u>Fir</u>	<u>Mná</u>	<u>Iomlán</u>
Bainistíocht	9.00	2.00	11.00
Acadúil	444.19	202.49	646.68
Riarachán	17.01	101.40	118.41
Tacaíocht	118.65	64.76	183.41
	588.85	370.65	959.50



Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana

	<u>01/02</u>	<u>02/03</u>	<u>03/04</u>	<u>04/05</u>
Bainistíocht	10.00	10.00	10.00	11.00
Acadúil	655.60	637.28	637.57	646.68
Riarachán	108.12	104.30	106.02	118.41
Tacaíocht	183.39	192.06	182.77	183.41
	957.11	943.64	936.36	959.50

Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana



5.3 Éachtaí Foirne

Láinseáil an tUas. John O'Donoghue, T.D. Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta "Éire: Turasóireacht agus Margáiocht" leis an Dr Margaret Linehan agus Angela Wright Uas., Roinn Aosoideachais agus Oideachais Leantaigh.

Ba é an Ceoldráma FAME cion tairbhe ITC le Corcaigh, Príomhchathair Chulltúir na hEorpa 2005. Léiríodh in Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí, bhí an-iarracht foirne ann, ní amháin ag an Institiúid agus a comhdhamhna ach ag go leor scoileanna amharclainne, scoileanna damhsa agus ceoil, agus scoileanna dara leibhéal ar fud na hÉireann atá ag cothú tallann ár dtaibhseoirí ó aois óg. Ba é seo smaoineamh an iarStiúrthóra, an Dr Patrick Kelleher.

Fuair an Stiúrthóir, an Dr Brendan J Murphy, Ánracht Institiúid Innealtóirí na hÉireann le cuireadh Uachtaráin ag searmanas IEI bronnta teideal ar 4 Márta 2005.

Ceapadh an Dr Margaret Linehan, Léachtóir, Roinn Aosoideachais agus Oideachais Leantaigh mar Ánra Taighde ar Cuairt ag Ollscoil Strathclyde, Glaschú.

D'imigh an tUas. John Dynan, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil chun na hAetóipe ar 17 Meitheamh 2005 le páirt a ghlacadh i dtionscadal carthanachta tóg/teagasc. Bhí an tionscadal mar chuid de na Tionscadail Domhan Forbraíochta Lasallian agus bhailigh John beagnach €7,500 a chuirfeadh go díreach isteach sna tionscadail a bheas ag tosú gan mhoill i réigiúin Bale den Aetóip Theas.

Rinne Amharclann Óige Ceol-Scoil Chorcaí Léiriú de Boat Memory san Amharclann Náisiúnta, Londain ar 12 Iúil, mar chuid de Chlár Amharclainne Óige na hAmharclainne Náisiúnta, 2004, Féile Shell Connections. Comhghairdeas le léachtóirí dráma, Regina Crowley Uas. agus Tríona Scott Uas. a bhí ina stiúrthóirí ag an ócáid.

Rinneadh comhghairdeas le Bill Kavanagh, Léachtóir, an Roinn Staidéar Loingseoireachta a bhí tofa mar Ánra Institiúid Ríoga Loingseoireachta (ÁIRL). Bhronn Pátrún an IRL, HRH Prionsa Pilib, Diúc Dhún Éideann, an Ánracht air i searmanas ag Cumann Ríoga na Tíreolaíochta, Londain

Láinseáil Aire Stáit ag an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Teachta Batt O'Keefe, leabhar ar Oideachas Printísigh ar 29 Aibreán in ITC. Tá "Apprenticeship as a Paradigm of

Learning" mar theideal an leabhair a bhí curtha in eagar ag an Dr Len O'Connor, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta Struchtúrtha agus Comhshaoil & an Dr Tom Mullins, Ceannaire Oideachais, COC.

Rinneadh comhghairdeas leis an bhFoireann seo a leanas ar bronnadh orthu ar na mallaibh:

- Anna O'Donovan, MSc, in Oideachas Ríomhaireachta
- Joan Scannell, Ma i gCeol
- Colette O'Brien, MA i Seinm Téide Clasaicigh
- Nicole Panizza, Ma i gCeol
- Jonathon Sherwin, MA in Eolaíocht Ríomhaireachta
- Leonard O'Connor, PhD in Innealtóireacht
- Edel Sullivan, MA i Seinm Fidle Traidisiúnta
- Tom Kelly, MA i mBainistíocht in Oideachas
- Francis S Murphy, PhD in Oideachas

Ceapacháin Nua

Cuireadh in iúl gur ceapadh an fhoireann seo a leanas don bhliain acadúil 2004/2005:

- Ann Barry, Léachtóir, Ceol-Scoil Chorcaí
- Ian Black, Léachtóir Cúnta, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Martin Boylan, Léachtóir Cúnta, Roinn na Foirgníochta agus Ailtireachta
- Michael J Coughlan, Teicneoir, Oifig Foirgneam agus Eastát
- Lily Dennehy, Ofigeach Cléireachais, Campas Bhaile an Easpaig
- David Drummond, Freastalaí d'Ord Níos Airde, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta Struchtúrtha & Comhshaoil
- Edel Dulea, Comhordaitheoir Cúram Tréadach, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- Moira Jenkins, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéar Sóisialta agus Ginearálta
- Rose Jones, Cúntóir Leabharlainne 1, Leabharlann, Campas Bhaile an Easpaig
- Hugh Kelleher, Teicneolaí, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Ed Kuczaj, Léachtóir (Struchtúrtha), Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford
- Margaret Linehan, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn an Oideachais Leantaigh
- Michael Loftus, Ceannaire ar Scoil na Ríomhaireachta agus Matamaitice
- Steven Lowe, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil.

5.3 Éachtaí Foirne

- Gerard Lowney, Oifeach Riaracháin, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Cormac MacSweeney, Léachtóir Cúnta, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Emily McCarthy, Oifigeach Cúnta Acmhainní Daonna
- Patrick Mohally, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Leictrí
- Sarah Morey, Oifigeach Ealaíne
- Brendan J Murphy, Stiúrthóir
- John J Murphy, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil
- Robert O'Brien, Cúntóir Leabharlainne 1, Leabharlann, Campas Bhaile an Easpaig
- An Dr Aodan O'Cearbhaill, Ceannaire ar Roinn na Turasóireachta agus Lónadóireachta
- Laura O'Connor Brett, Cúntóir Leabharlainne 1, Leabharlann, Campas Bhaile an Easpaig
- Margaret O'Keeffe, Léachtóir Cúnta, Roinn DEIS
- Ciara O'Mahony, Cúntóir Leabharlainne 1, Leabharlann, Campas Bhaile an Easpaig
- Dirk Pesch, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc) Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice
- Finbarr Sheehan, Léachtóir Cúnta, Roinn na Cuntasaíochta agus Córas Faisnéise
- Niall Smith, Ceannaire Taighde
- David Twomey, Freastalaí d'Ord Níos Airde, Roinn na Ceimice
- Bernard Vallely, Léachtóir Cúnta, an Roinn Aosoideachais agus Oideachais
- Jane Wall, Oifigeach Cléireachais, Ceol-Scoil Chorcaí



Tuarascáil Airgeadais

6

- 6.1 Tuarascáil Airgeadais
- 6.2 Cuntais Iniúchta 2004/2005

6.1 Tuarascáil Airgeadais

Tá an Institiúid faoi rialú ag Acht na gCeardcholáistí Réigiúnacha, 1992, a rinne soláthar don aistriú ón CCO chuig an gcoláiste gach áis agus fiachas a bhain leis an gcoláiste. Rinneadh Comhlacht Reachtúil don Institiúid ón 1 Eanáir 1993.

Torthaí

Ba é an toradh a bhí ar an mbliain dár críoch 31 Lúnasa 2005 fuíollach €1.19m, ach mar gheall ar aistrithe chuig an Chiste Srianata agus an lontaobhas Áiseanna Spóirt bhí easnamh €179,000 ann.

Rinne an tArd-Reachtair agus an tlniúchóir Ginearálta iniúchadh agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa, 2005 gur cheadaigh sé iad gan cheist ar an 16 Deireadh Fómhair 2006. Tá an Tuarascáil uaidh le léamh i mír 6.2.3.

Ioncam

€10.6 Milliún san iomlán a bhí sna táillí teagasic agus d'íoc an Roinn €7.5 milliún (71%) mar chuid den Scéim Saoire Stáit. Chuir an costas Cláraithe Mac Léinn leis an ioncam le €4.4 milliún.

Caiteachas Caipitil


€19.7 milliún an caiteachas caipitil don bhliain, agus baineann an chuid is mó den airgead (€16 milliún) le tógáil foirgneamh nua ar champas Bhaile an Easpaig.

Caiteachas Reatha

Tháinig méadú ar chaiteachas reatha na hInstitiúide don bhliain 2004/2005 le 7.3%, arb ionann é agus €74.8 milliún, i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ba é an chuid ba mhó de seo na táillí tuarastail arb ionann agus €53.7 milliún don bhliain iad.

Taighde & Forbairt

Tá caiteachas ar ghníomhaíochtaí R&D ag brath ar mhaoiniú a fháil ó ghníomhaíochtaí seachtracha trí bhabhta iomaíocha maoinithe. Tá méadú de beagnach 16% ar fhigiúirí na bliana roimhe agus seasann sé ag €4.7 milliún anois.



Ráiteas Rialacháin Inmheánaigh Airgeadais

Ráiteas Dualgas Institiúide

Tuarascáil Iniúcháir

Ráiteas Polasaithe Iniúchta

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Clár Comhordaithe

Ráiteas Sreabhaidh Airgid

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas Córais Rialacháin Inmheánaigh Airgeadais

Dualgais i leith Córais Rialacháin Inmheánaigh Airgeadais

Aithníonn an Bord Rialaithe a dhualgais lena chinntiú go gcaomhnaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach rialacháin inmheánaigh airgeadais. Sa chóras rialacháin inmheánaigh tá na próisis sin a mbaintear feidhm astu leis na mórghuaiseanna a bhíonn roimh Insitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a shainiú, a mheas agus a bhainistiú agus cúrsaí á mbainistiú ann. Cuireadh an córas le chéile le guais a bhainistiú in áit í a chealú, ag aithint gur féidir dearbhú réasúnta agus ní iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear acmhainní, go gceadaítear bearta agus go ndéantar taifeadadh mar is cuí orthu, agus go gcealaítear nó go n-aithnítear in am meancóga ábhartha nó nithe neamhrialta.

Príomhghnásanna Rialacháin

- Tá gnásanna agus rialacháin airgeadais i bhfoirm cáipéise, i bhfeidhm agus suas chun dáta.
- Breithniúcháin rialta ag an mBord Rialaithe ar thuarascálacha bliantúla agus raithe, ina measc feidhmiú airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Treoirlínte rialacháin a léiríonn go soiléir infheistíocht chaipitil.
- Tá Coiste Iniúcháireachta, le cairt sainmhíneithe iniúchta, ann le téarma soiléire tagartha a théann i mbun ceisteanna ar leith rialacháin agus a fhaigheann na tuarascáileanna ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.
- Tá an Bord Rialaithe i mbun guaiseanna gnó a aithint agus a mheas faoi láthair.

Tá feidhm iniúchta foinisithe allamuigh ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, a oibríonn de réir Creatchód Cleachtas a leagadh amach san Chód Cleachtas le haghaidh Rialaithe ar Eagraíochtaí Stáit. Forbraíodh straitéis inmheánach iniúchta don bhliain 2003-2005 bunaithe ar mheasúnacht priacail. Tá an straitéis seo iniúchta faomhaithe ag an gCoiste Inmheánach Iniúchta agus ag an mBord Rialaithe.

Tagann an Coiste Iniúchta agus na hIniúcháirí Inmheánacha le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an obair san Iniúchadh Inmheánach, ina mbíonn tuarascáil ar

ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Sa chreatlach tá 13 príomhghníomhaíochtaí airgeadais agus sainítear na seiceanna ba chóir a dhéanamh go rialta chun éifeacht na timpeallachta rialaithe inmheánaí airgeadais a mheas.


Bunaítear an Bord Rialaithe a dhéanann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeacht rialaithe inmheánaí airgeadais ar obair Cheannaire na hIniúchta Inmheánaí, An Coiste Iniúchta a mhaoirsionn obair na hIniúchta Inmheánaí, an Stiúrthóir, Feidhmeannas na hInstitiúide agus Bainisteoirí in Insitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil sé de dhualgas orthu forbairt agus caomhnú an chreatlaigh rialaithe airgeadais a stiúradh, agus tá sé bunaithe fosta ar aischothú ón Ard-Reachtair agus an Iniúcháir Ginearálta sa litir bhainistíochta uaidh nó i dtuarascáileanna eile.

Dearbhaímid go ndearna an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeacht an chórais a bhaineann le rialachán inmheánach airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe



Dr Paddy Caffrey
Cathairleach




An Dr Brendan J Murphy
Stiúrthóir

6.2.2 Ráiteas Dualgas Institiúide


De réir Mhír 16 d'Acht na gCeardcholáiste Réigiúnacha, 1992, caithfidh an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm ar bith is a bhféadfadh an tAire Oideachais agus Eolaíochta a fhaomhadh i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus caithfear iad a thabhairt isteach chun iniúchta chuig an Ard-Reachtair agus an Iniúcháir Ginearálta. Agus na ráitis seo airgeadais á n-ullmhú, caithfidh an Institiúid:

- Polasaithe cuí cuntasóireachta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go rialta
- Breithiúnais agus meastúcháin a dhéanamh atá réasúnta agus le ciall
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar ghnéithe reatha, muna mbíonn sé oiriúnach
- Eolas agus míniú a thabhairt ar ghnásanna difiriúla ó ghnáthchaighdeáin chuntasóireachta

Tá sé de dhualgas ar an Institiúid freisin leabhair chearta cuntais a choinneáil a léiríonn go measartha mion agus in am ar bith seasamh airgeadais na hInstitiúide agus a ligeann di a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le Mír 16 den Acht. Tá sé de dhualgas freisin ar an Institiúid a cuid acmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le caolaíocht agus gnéithe eile neamhrialta a aithint agus a chosc.



Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach



An Dr Brendan J Murphy
Stiúrthóir

6.2.3 Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2005 faoi Acht na gColáistí Teicniúla Reigiúnacha 1992.

Tá Ráitis na bPolasaithe Cuntasaíochta, Cuntas an Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreafa Airgid agus na nótaí bainteacha istigh sna ráitis airgeadais, a bhí ullmhaithe faoi na polasaithe atá leagtha amach iontu.

Cúram Faoi Seach na hInstitiúide agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá freagracht ag an Institiúid le ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992, agus le rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir na bPrionsabal a nGlactar go Coitianta Leo in Éirinn. Tá dualgais chuntasaíochta Bhaill an Bhoird Rialaithe leagtha amach i Ráiteas Dualgas Institiúide.

Tá sé mar dhualgas orm, de réir na riachtanas dleathach agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus Éire), na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tugaim mo bharúil cé acu an fíor é agus cothrom an tuairim atá iontu, de réir na bPrionsabal a nGlactar go Coitianta Leo in Éirinn. Tugaim mo bharúil freisin cé acu an raibh nó nach raibh leabhair chearta chuntasaíochta coinneithe. Chomh maith leis sin, dearbhaím an aontaíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntasaíochta.

Tuairiscím aon uair mura raibh airgead úsáidte don chuspóir beartaithe, nó mura gclóíann na hidirbhearta leis na húdaráis rialaithe.

Tuairiscím mura bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin go léir faighte agam atá riachtanach do m'iniúchadh.

